# An dea-chleachtas i bhforbairt an tsoláthair oideachais ollscoile i dteangacha mionlaithe: samplaí ón mBreatain Bheag agus ó Éirinn

An Dr Siôn Jones, Maddison Wright, Deio Clwyd & Luned Hunter

## Sonraí na núdar

Is léachtóir i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Caerdydd é an **Dr Siôn Jones**.

Is taighdeoir PhD i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Caerdydd í **Maddison Wright**.

Ba churadh mac léinn agus mac léinn Rialachais agus Cineachaidh (LLM) é **Deio Clwyd** a bhain céim amach ó Scoil Dlí agus Polaitíochta Ollscoil Caerdydd sa bhliain 2022.

Ba churadh mac léinn agus mac léinn BScEcon sa Pholaitíocht agus sa Nua-Stair í **Luned Hunter** a bhain céim amach ón Scoil Dlí agus Polaitíochta agus ó Scoile Staire, Seandálaíochta agus Reiligiúin Ollscoil Caerdydd sa bhliain 2021.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

**An Dr Siôn Jones**

jonesSL26@cardiff.ac.uk

## Achoimre

Is é roinnt an dea-chleachtais i gcás fhorbairt soláthar oideachais agus teagaisc i dteanga mhionlaithe aidhm an togra seo. Tá an dea-chleachtas bunaithe ar ghrúpaí fócais a reáchtáladh le léachtóirí agus le mic léinn faoina dtaithí ar an oideachas i mBreatnais agus i nGaeilge in ollscoileanna sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn. Tá achoimre ar an dea-chleachtas sin sa leabhrán seo.

**Mic léinn a mhealladh le staidéar a dhéanamh i dteanga mhionlaithe**

- Is féidir le dreasachtaí airgid, ar nós scoláireachtaí, mic léinn a mhealladh le staidéar a dhéanamh i dteanga mhionlaithe.
- Bíodh comhrá agat le mic léinn ag tús an chúrsa leis na leasa a bhaineann le bheith ag staidéar i dteanga mhionlaithe a mhíniú agus le himní na mac léinn a mhaolú.
- D'fhéadfaí mic léinn a bhfuil líofacht i dteanga mhionlaithe a aithint agus a chlárú go huathoibríoch le staidéar a dhéanamh sa teanga mhionlaithe, ach an rogha a bheith acu éirí as agus staidéar a dhéanamh sa mhórtheanga ina áit sin.

**Soláthar i dteanga mhionlaithe á fhorbairt**

- Forbair soláthar i dteanga mhionlaithe le haghaidh croímhodúl/modúil éigeantacha atá ar fáil cheana féin i mórtheanga ar nós an Bhéarla, de bharr go gcaithfidh mic léinn staidéar a dhéanamh orthu agus iad ina modúil riachtanacha sa chúrsa.
- Forbair modúil shainiúla sa teanga mhionlaithe atá tarraingteach agus ábhartha do shaol na mac léinn, agus nach bhfuil ar fáil sa mhórtheanga, mar bhealach le mic léinn a mhealladh le staidéar a dhéanamh i dteanga mhionlaithe.
- Roinn agus thairg modúil idirdhisciplíneach le rannóga eile, leis an soláthar sa teanga mhionlaithe a leathnú, go háirithe i rannóga ina bhfuil an soláthar teoranta, agus easpa foirne iontu atá in ann teagasc a dhéanamh sa teanga mhionlaithe.

**Ag teagasc i dteanga mhionlaithe**

**Acmhainní foghlama agus léitheoireachta**

- Is gá a dheimhniú go mbíonn acmhainní riachtanacha ar nós lámhleabhar, bileog le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama i seimineáir modúl a mhúintear i dteanga mhionlaithe, ar fáil sa teanga mhionlaithe.

- Ba cheart mic léinn a chur i dtreo acmhainní atá ar fáil i mionteangacha, irisleabhair acadúla ar nós *Gwerddon* (irisleabhar ildisciplíneach a fhoilsíonn taighde sa Bhreatnais) sa Bhreatain Bheag, cuir i gcás, *Léann Teanga: An Reiviú* (irisleabhar a fhoilsíonn ailt faoi ghnéithe éagsúla den léann teanga agus *Teanga* (irisleabhar a fhoilsíonn ailt i nGaeilge ar chúrsaí teangeolaíochta) in Éirinn, agus ardáin ar-líne ar nós ardán acmhainní Coleg Cymraeg Cenedlaethol ar a bhfuil acmhainní Breatnaise do mhic léinn ar fáil – porth.ac.uk.

**An trasteangú**

- Cuir béim ar na leasa a bhaineann leis an trasteangú – ar próiseas é ina bhfaigheann duine eolas i dteanga amháin agus a úsáideann i dteanga eile é – le himní na mac léinn maidir le heaspa acmhainní i dteangacha mionlaithe a mhaolú.
- Úsáid straitéisí ar nós téarmaí agus eochairfhocail a thabhairt do mhic léinn sa teanga mhionlaithe agus sa mhórtheanga i dtimpeallachtaí foghlama éagsúla le cuidiú leis an trasteangú i measc na mac léinn.

**An fhoghlaim shioncronach**

- Agus teagasc ar bun ar ardáin ar nós *Blackboard Collaborate, Teams* agus *Zoom*, is ceart mic léinn a mhealladh le scríobh san fhóram plé nó ar chlár bán ar-líne, le seiceáil go dtuigeann siad an obair, go háirithe na mic léinn sin nach féidir leo a gceamaraí nó a micreafóin a chur ar siúl.
- Úsáid straitéisí ar nós na gceann thíos le mic léinn a mhealladh le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama sioncronacha agus leis an teanga mhionlaithe a úsaid:
    - Cruthaigh timpeallacht ina n-airíonn na mic léinn compordach ag úsáid na teanga mionlaithe, trí imní na mac léinn a mhaolú.
    - Tosaigh le tascanna atá na mic léinn in ann a dhéanamh gan stró agus moladh a fháil ina leith.
    - Cruthaigh tascanna atá tarraingteach agus ábhartha chun mic léinn a mhealladh le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foglama sioncronacha.
    - Dear tascanna ar féidir leis na mic léinn iad a dhéanamh i ngrúpaí beaga. Is féidir le mic léinn cleachtadh a dhéanamh ar an teanga mhionlaithe i ngrúpa

beag mac léinn, rud nach bhfuil chomh scanrúil leis an teanga a úsáid sa mhórghrúpa.

- Más iad na léachtóirí a chruthaíonn na grúpaí mac léinn, is fearr grúpaí ina bhfuil mic léinn a mbaineann tréithe éagsúla leo a chruthú (cumais teanga éagsúla agus dearcthaí difriúla i leith na teanga mionlaithe, cuir i gcás) mar gur féidir leis seo mic léinn a mhealladh leis an teanga mhionlaithe a úsáid agus cuidiú leo foghlaim óna chéile sna grúpaí.
- Labhair le grúpaí difriúla mac léinn le deimhniú go dtuigeann siad an obair agus go gcríochnaíonn siad na tascanna, agus meall iad leis an teanga mhionlaithe a úsáid (cé go n-aithnítear go mbíonn sé deacair monatóireacht a dhéanamh ar ghrúpaí difriúla mac léinn agus teagasc ar líne ar bun).
- Tabhair treoracha soiléire do na mic léinn ag tús an taisc agus tabhair eochairthéarmaí do mhic léinn sa teanga mhionlaithe le deimhniú go gcríochnaíonn mic léinn na tascanna, chomh maith lena ngríosú leis an teanga mhionlaithe a úsáid sna grúpaí.

**An fhoghlaim aisioncronach**

- Cuidíonn taifid ar ghníomhaíochtaí foghlama ar nós léachtaí agus físeáin réamhthaifeadta le mic léinn nach bhfuil muiníneach sa teanga mhionlaithe súil siar a chaitheamh ar an ábhar arís lena dtuiscint air a fheabhsú.
- Le cuidiú leis na mic léinn an t-eolas a shealbhú, ba cheart físéain réamhthaifeadtha ar thopaic nó ar choincheap ar leith a choinneáil gearr (c.10–20 nóiméad ar fhad).
- Ba cheart taifid ar ghníomhaíochtaí foghlama a chur i láthair na mac léinn mar acmhainn ar féidir leo breathnú orthu *anuas* ar fhreastal ar a gcuid léachtaí, seachas mar acmhainn is féidir a úsáid in áit freastal ar léachtaí.
- Is measúnú foirmitheach iad quizeanna ilrogha ar líne, a chuidíonn le mic léinn eachaireolas ó ábhar an mhodúil a fhoghlaim, agus a chuidíonn le léachtóirí aghaidh a thabhairt ar aon mhíthuiscintí faoi ábhar an mhodúil, má bhíonn na mic léinn mícheart agus iad ag freagairt na gceisteanna.
- Meallann fóraim plé ar líne comhráite idir mic léinn agus léachtóirí lasmuigh den léachtlann, seomra seimineáir nó den cheardlann; cruthaíonn siad pobal i measc na mac léinn agus na léachtóirí; meallann siad mic léinn le rudaí a phlé eatarthu féin agus gríosann siad iad. I gcás na bhfóram plé i dteangacha mionlaithe, is gá timpeallacht

ionchuimsitheach a chruthú ina mbeidh na mic léinn compordach agus sásta ceisteanna a chur, mar go bhféadfadh drogall a bheith ar mhic léinn a bheith páirteach i bhfóraim plé de bharr easpa muiníne ina gcumas teanga.

**Ag tacú le mic léinn i dteanga mhionlaithe**

- Déan cinnte go bhfuil teagascóirí/meantóirí pearsanta, a bhfuil líofacht sa teanga mhionlaithe acu ag na mic léinn más sin a theastaíonn uathu, de bharr go mbíonn roinnt mac léinn níos compordaí ag plé ceisteanna, ceisteanna pearsanta go háirithe, sa teanga mhionlaithe.
- Mura bhfuil duine feiliúnach ar fáil sa roinn, is dea-chleachtas é beirt teagascóirí pearsanta a chur ar fáil do mhic léinn dá leithéid seo – teagascóir pearsanta i ndisciplín eile, (a bhfuil baint aige le disciplín léinn an mhic léinn) agus a bhfuil líofacht sa teanga mhionlaithe aige/aici, agus atá in ann tréadchúram a thabhairt don mhac léinn, chomh maith le comhairle acadúil agus tacaíocht.

**Measúnuithe i dteanga mhionlaithe**

- Is gá próiseas a chur i bhfeidhm agus a éascú a ligfidh cead do mhic léinn measúnuithe a leagan isteach i dteanga mhionlaithe le haghaidh cúrsaí agus modúl a thairgtear sa mhórtheanga, e.g. measúnuithe a dhéanamh sa Bhreatnais nó sa Ghaeilge le haghaidh modúl agus cúrsaí a sheachadtar sa Bhéarla.
- Is fiú an t-éileamh atá ar fáil i measc na mac léinn le measúnuithe a leagan isteach i dteanga mhionlaithe le haghaidh modúl a thairgtear i mórtheanga a mheas ag tús na bliana acadúla, le deimhniú go ndéantar an treoir measúnaithe a aistriú in am, agus le socruithe a dhéanamh le measúnuithe a mharcáil agus a éascú i dteanga mhionlaithe.
- Is fearr go mór ceartaitheoir a bhfuil na scileanna teanga cuí agus saineolas ar an ábhar aige/aici a aimsiú le measúnuithe a cheartú, seachas an t-ábhar a aistriú go dtí an mhórtheanga lena cheartú, mar gur féidir leis an aistiú brí agus cur in iúl an mhic léinn a athrú.
- Má chaitear an measúnú a aistriú, ba cheart iarraidh ar dhaoine atá líofa i mbunteanga an mheasúnaithe comparáid a dhéanamh idir an bunleagan agus an leagan a aistríodh le deimhniú nach bhfuil aon difríocht i mbrí an dá leagan den mheasúnú.
- Ba cheart an deis a thabhairt do mhic léinn measúnuithe scríofa a aistríodh a fheiceáil le gur féidir leo a dheimhniú go bhfuil an t-aistriúchán cruinn.

- Is den tábhacht é go bhfaigheann mic léinn aiseolas sa teanga inar leag siad isteach an measúnú, is é sin, ba cheart go bhfaigheadh mic léinn aiseolas ar mheasúnuithe a leagadh isteach i dteanga mhionlaithe, a fháil sa teanga mhionlaithe sin.

**Úsáid teanga mhionlaithe a normálú i measc mac léinn**

- Cuir mic léinn ar an eolas faoi na cumainn mac léinn agus faoi imeachtaí sóisialta a reáchtáiltear i dteangacha mionlaithe chomh maith le cuntais ar na meáin shóisialta ar a bhfuil teangacha mionlaithe in úsáid lasmuigh den léachtlann, den seomra seimineáir nó den cheardlann.
- Cuir mic léinn i dtreo deiseanna fostaíochta atá ar fáil le comhlachtaí agus eagraíochta a fheidhmíonn sa teanga mhionlaithe.

## Conclúid

Chuir muid roinnt straitéisí agus dea-chleachtas i bhfeidhm ar féidir le léachtóirí, ollscoileanna agus soláthróirí oideachais iad a úsáid chun mic léinn a mhealladh le staidéar a dhéanamh i dteanga mhionlaithe; leis an soláthar i dteanga mhionlaithe a fhorbairt; le tacú leis an teagasc i dteanga mhionlaithe; le tacú le mic léinn i dteanga mhionlaithe agus le húsáid na teanga mionlaithe a normálú ina measc. Tá súil againn go gcabhróidh sé seo le léachtóirí, ollscoileanna agus soláthróirí i réimsí eile den earnáil oideachais cur le líon na mac léinn atá ag staidéar i dteanga mhionlaithe, agus an soláthar oideachais i dteanga mhionlaithe a mhéadú le cur le heispéiris na mac léinn.

## Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Coleg Cymraeg Cenedlaethol (eagraíocht a oibríonn le hollscoileanna, institiúidí breisoideachais agus soláthróirí printíseachtaí leis an soláthar Breatnaise a fhorbairt agus a mhéadú ) a chuir maoiniú ar fáil le haghaidh an togra seo tríd an Deontas Nuálaíochta. Is é tacú le léachtóirí a bhíonn ag teagasc sa Bhreatnais comhoibriú le hinstitiúidí oideachais lasmuigh den Bhreatain Bheag aidhm an Deontais Nuálaíochta, agus naisc a chruthú a éascóidh an nuálaíocht sin.

Míle buíochas leis na daoine in ollscoileanna éagsúla a chuidigh le heagrú na ngrúpaí fócais agus a d'aimsigh léachtóirí agus mic léinn le páirt a ghlacadh iontu.

Ár mbuíochas freisin leis an Dr Elin Arfon a léigh dréacht den cháipéis seo agus a chuir aiseolas luachmhar ar fáil.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na léachtóirí agus leis na mic léinn a chuir am ar leataobh le páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais.